BHUEL! MÁRTA 2013

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Seachtain na Gaeilge
11 -14 Márta 2013

Dé Luain:
1pm: Ceolchoirm agus Cath na mBannaí san Amfaitéatar

2pm: Tóraíocht "Mission Hunt"

7pm, G19, Foirgneamh Kane: Díospóireacht leis An Philosoph, An Chuallacht agus An Cumann Sínise - "Should Chinese be Taught Instead of Irish in Schools?"

9.30pm, Seanbheár: Oíche Ghaelach: ceol, craic agus scéalaíocht.

Dé Máirt:
1pm, Seomra Caidrimh: Seoladh leabhair
"Cool Facts You Didn't Know About the Irish Language."

6pm, G19, Foirgneamh Kane: "Deiseanna na Gaeilge" le léachtóirí, aistritheoirí agus iriseoirí, Dara Ó Cinnéide ina measc!

8pm, Seanbheár: Céilí Mór

Dé Céadaoin:
Lá na nDaltaí – daltaí meánscoile ag teacht chuig na hollscoile

8pm, Áit chruinnithe - Áras an Gheata Thiar: Oíche Chultúrtha
Costas €5

Déardaoin:

Lá gan Bhéarla

11.30am ar aghaidh, Seanbheár: Comhrá, cluichí, ceol srl.

6pm, Seomra Caidrimh: Ciorcal Comhráidh agus cóisir phíotsa

9pm, An Rock: Oíche an Athar Ted
Duais don fheisteas is fearr – ciseán ó Fholláin

Bígí linn!

Hup II

Bhí ceol agus rince den scoth le clos agus le feiceáil san Áiléar Glucksman ar 1 Feabhra mar chuid den tsraith *Fuaim*. Bhí thart ar chúig cheoltóir déag, atá ag déanamh staidéir ar cheol agus ar rince gaelach in Ollscoil Luimnigh, linn chun a gcuid buanna a thaispeáint do mhuintir Chorcaí. Ina theannta sin, chuir Roinn an Cheoil Thraidisiúnta COC cúpla píosa le chéile chomh maith, faoi na stiúrthóirí Mel Mercier agus Mary Mitchell-Ingoldsby agus sheinneadar iad go binn. Bhí an áit lán go doras agus bhí ar an lucht foirne na doirse a dhúnadh. Tháinig an dá ghrúpa le chéile chun cúpla ríl a sheinnt i ndeireadh na dála agus ba ar éigean go raibh spás ar an stáitse dóibh go léir. Bhain gach duine fíorthaitneamh as agus táimid go léir ag siúl go mór le Hup III an bhliain seo chugainn!

Sraith Léachtaí Poiblí 2013

Dé Máirt, 19 Márta 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Suirbhé Logainmneacha Chontaetha Chorcaí 7 Chiarraí ~ bainistiú agus eagrú"
Éamon Lankford, Údar 7 Comheagraí, Coiste Logainmneacha Chorcaí

Dé Máirt, 16 Aibreán 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Iriseoireacht na Gaeilge – cur chuige nua do ghlúin nua"
Eoghan Ó Néill, Iriseoir Raidió 7 Nuachtáin, Béal Feirste

Seán Óg Ó hAilpín ag tabhairt cainte do mhic léinn GA1121 le déanaí.

Comórtas

Ainmnigh an scoil cháiliúil seo
€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 29 Feabhra.

Mic léinn GA1121 ag spaisteoireacht i gCorca Dhuibhne le déanaí.